# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

15 Lúnasa 2024 Eagrán 209



"…tá sméara is sú craobh ann, is meas ar gach sórt…"
Grianghraf: Mícheál Ó Lochlainn

## Iris Aniar ar Pháirc na mBreathnach

Níl deireadh fós le camchuairt *Iris Aniar* ar cheantair éagsúla Gaeltachta agus amárach is ó Pháirc na mBreathnach ar an gCnoc a bheidh siad ag craoladh beo.

Tá fás aisteach tagtha ar chlub Mícheál Breathnach le roinnt blianta anuas agus tá ag éirí thar cionn leis na foirne sna leibhéil éagsúla idir pheil, iománaíocht agus pheil na mban. Tá beagnach 700 ball anois ann agus is cinnte go bhfuil sé ar cheann de na clubanna is gnóthaí sa gceantar.

Is é cathaoirleach an chlub, Mícheál Darby Ó Fátharta, a fháilteoidh roimh fhoireann an raidió agus labhróidh sé faoi ghaiscí an chlub – má tá an t-am aige! Is de thoradh na rathúlachta atá brú mór anois ar áiseanna an chumainn agus déanfar cur síos ar phleananna an choiste freastal ar riachtanais na bhfoirne ar fad, agus ar an ngéarghá atá ann caoi a chur ar an gcarrchlós agus ar na háiseanna eile.



Lucht tacaíochta Chillian ar Pháirc na mBreathnach roimh Chraobh na hÉireann

Gheofar léargas amárach ar an obair mhór a bhíonn ag teastáil le club den mhéid sin a choinneáil ag feidhmiú go héifeachtach. Ar nós chuile chlub eile, is iad na tuismitheoirí, na traelálaithe agus na himreoirí crann taca an chlub agus bíonn an-chomhoibriú idir na fochoistí ar fad agus an aidhm chéanna acu uilig: tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do na himreoirí barr a maitheasa a bhaint amach.

Imreoir amháin atá ag baint barr a mhaitheasa amach is ea Cillian Ó Curraoin, fear óg ón gCnocán Glas, a bhíonn chomh bródúil céanna geansaí na mBreathnach nó geansaí a chontae a chur ar a dhroim. Tá Cillian ina laoch ag na gasúir óga agus má choinníonn rudaí mar atá, ní fada go mbeidh comhluadar ón gclub ag Cillian ar fhoireann an chontae!

Níl aon easpa ceoil ná amhráin ar na baill ach oiread agus beidh neart siamsaíochta ann freisin. Beidh míle fáilte roimh bhaill uilig an chumainn a bheith i láthair nó déanaigí cinnte éisteacht le *Iris Aniar* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta maidin amárach ag 9.15.

## Ealaín na bhForbacha ’24




Bíonn taispeántas ealaíne ar bun i dtreo dheireadh an tsamhraidh le roinnt blianta anuas sa nGailearaí Gréine i dTeach Baisteach na bhForbacha.

Seolfar taispeántas na bliana seo ar an Satharn an 17 Lúnasa agus leanfaidh sé go dtí deireadh na míosa. Beidh sé ar oscailt chuile lá ach an Domhnach.

Cuirfear an-fháilte romhat ann – buail isteach!

## Gnáthóga Chonamara


Tá leabhrán breá Gnáthóga Chonamara díreach foilsithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe. Treoirleabhar den scoth é ar a bhfuil le fáil i ndeich gcinn de ghnáthóga atá thart orainn anseo i gCois Fharraige. Tá idir phictiúir agus eolas ann agus é ag teacht go breá leis an suíomh gréasáin folrachoisfharraige.ie.

Beidh sé á scaipeadh ar scoileanna an cheantair ach má tá cóip uait buail isteach chuig oifig an Fhóraim agus gheobhaidh tú ceann.

Comhghairdeachas leis an gCumann Forbartha. An-saothar go deo.



## Séideáin: Oíche Chultúir 20 Meán Fómhair




Tugann Comhlacht Forbartha an Spidéil cuireadh do phobail an cheantair agus máguaird, idir óg agus níos sine, páirt a ghlacadh in **Séideáin**. Imeacht é seo atá á réiteach don Oíche Chultúir a heagraítear ar bhonn náisiúnta chuile bhliain. Táthar ag cur cór ollmhór pobail i dtoll a chéile le chuile chineál amhrán a chasadh in éindí, amuigh faoin aer, ar imeall shráidbhaile an Spidéil ar an Aoine 20 Meán Fómhair.

Iarrtar ort an t-amhrán is ansa leat féin a sheoladh chuig Comhlacht Forbartha an Spidéil ar r-phost anspideal2022@gmail.com. Roghnóidh painéal breis is 15 amhrán le casadh thar 40 nóiméad, tráthnóna an Oíche Chultúir.

Beidh triúr aoi-amhránaí ina measc ar an oíche le spreagadh a thabhairt dúinn uilig agus le tús a chur leis na hamhráin. Cé go mbeidh meascán seánraí amhrán á gcasadh ar an oíche, cuirfear fáilte ar leith roimh amhráin frith-chogaidh agus amhráin ar son na síochána.

Coinnígí súil amach ar mheán shóisialta Chomhlacht Forbartha an Spidéil do na hamhráin, na focla, na nascanna ceoil, amannta cleachtaidh is comhrá, agus aon eolas ábhartha a bheidh á scaipeadh roimh an ócáid. Tabharfar cuireadh freisin do chách nascadh le grúpa sealadach WhatsApp mar bhealach cumarsáide is roinnt eolais roimh an ócáid.

Mar sin, roghnaigh d’amhrán agus cláraigh ag anspideal2022@gmail.com.

Croch suas é!

## Cuisle an Chomhshaoil

Beidh neart imeachtaí spéisiúla ar bun thart ar Seanscoil Sailearna ar an gCéadaoin 21 Lúnasa. Tá ealaíontóirí agus gníomhaithe aeráide óga ag cur deis ar fáil don phobal, idir óg agus sean, cuid de na ceisteanna a bhaineann leis an timpeallacht a chíoradh ar bhealach atá cruthaitheach agus samhailteach. Trí chuid a bheas sa lá:

✓ Beidh **siúlóid dúlra agus ceoil** ar bun idir 11.30 is 13.00 le Seathrún Ó Tuairisg, Éanna Hyland 7 Peadar-Tom Mercier le muid a thumadh i bhfuaimrian an nádúir agus an cheoil. Faigh ticéid ag Eventbrite.

✓ Idir 14.00 is 16.00 reachtáilfear **ceardlanna ealaíne** do dhaoine óga idir 15 is 25 a dhíreoidh ar úsáid a bhaint as ár n-oidhreacht le todhchaí inbhuanaithe agus dóchasach a shamhlú. Beidh rogha i measc na gceardlann agus ceol is amhránaíocht ar fáil ó Shíle Denvir, Becky Ní Éallaithe, Peadar-Tom Mercier 7 Meadhbh O'Leary Fitzpatrick, nó ealaín (*zines*) le Mairéad Hurley nó filíocht chomhaimseartha le Gormfhlaith Ní Shíocháin-Ní Bheoláin. Tá ticéid do na ceardlanna seo ar fáil ó Eventbrite freisin. Is féidir le daoine faoi 18 a bheith i láthair gan tuismitheoir/ caomhnóir, ach caithfidh siad clárú le hainm agus seoladh ríomhphoist an tuismitheora / an chaomhnóra tríd an fhoirm seo.





✓ Beidh ceolchoirm **Cuisle an Chomhshaoil: Taibhreamh** ar bun idir 17.00 is 19.00. Ceol, filíocht agus caint le Síle Denvir, Becky Ní Éallaithe, Peadar-Tom Mercier, Meadhbh O'Leary Fitzpatrick, Mairéad Hurley, Éanna Hyland 7 Gormfhlaith Ní Shíocháin-Ní Bheoláin. Tá ticéid ar fáil ó Eventbrite arís.

Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce ach **caithfear clárú roimh ré**. Ní gá freastal ar an ócáid ar fad. Is féidir clárú do chuid amháin, do dhá chuid nó don lá ar fad.

Tá níos mó eolais le fáil ó Imeall.

## Club Leabhar Chois Fharraige




Bíonn teacht le chéile míosúil ag Club Leabhar Chois Fharraige ar an dara Céadaoin den mhí i dTigh Mholly ar an Lochán Beag.


Cuirfear tús le séasúr nua ar an **11 Meán Fómhair** ag **9.00 i.n**.

*Amhráin Amhairgin, An Chailleach Bhéarra, Amhra Choilm Cille* leis an bhfile cáiliúil Máire Mhac an tSaoi an saothar a bheas faoi chaibidil ag baill an chlub an oíche sin. Is athleagan Nua-Ghaeilge atá sa saothar seo, a rinne Máire ar thrí cinn de na luathdhánta is cáiliúla sa nGaeilge.

Deis iontach atá anseo eolas a chur ar chuid de sheoda sheanlitríocht na Gaeilge agus sásamh a baint as máistreacht, údarás, deisbhéaltacht agus liriciúlacht Mháire agus í ag nochtadh cuid dár n-oidhreacht liteartha dúinn.

Is féidir teacht ar an leabhar ar shuíomh Leabhar Breac nó i siopa Chló Iar Chonnacht, ó thuaidh den Cheardlann sa Spidéal. Ní gá duit a bheith id bhall den chlub roimh ré. Aimsigh an leabhar, léigh é agus bí sa gcomhluadar!

## Fleadh Cheoil 2024



Bhí an-chúpla lá ag muintir Chois Fharraige a thug cuairt ar Loch Garman don Fhleadh Cheoil an tseachtain seo caite. Thug siad an-tacaíocht dá chéile agus nach iad a bhí bródúil as Seán Óg Ó Fátharta as Baile na hAbhann, a thug leis an dara háit sa gcomórtas scéalaíochta leis an sceál *An Diabhal ar an Ól*.

Comhghairdeachas leat, a Sheáin!

Is cinnte freisin go bhfaca siad taispeántas ealaíne Mheadhbh Ní Eidhin as an mBaile Ard sa Spidéal, a bhí ar taispeáint sa Pigyard Gallery.

Tugadh cuireadh do Mheadhbh a bheith páirteach i dtaispeántais na Fleá de bhrí gur minic léi ceol agus ceoltóirí a bheith mar ábhar aici ina cuid ealaíne.

# Moladh na Seachtaine

*Máire Ní Neachtain*



Inniu Lá 'l Muire sa bhFómhar, lá a mheabhraíonn dúinn go bhfuil deireadh ag teacht leis an samhradh, go bhfuil na laethanta ag éirí níos giorra agus nach fada uainn tráthchlár rialta na bliana. Fós féin, tá cuid againn ar saoire ón tráthchlár sin, tá na gasúir fós sa mbaile ón scoil agus tá roinnt ama fós ar ár dtoil againn.

In ainneoin na drochaimsire, bíonn sibh amuigh ag siúl agus is cinnte go bhfeiceann sibh sméara agus caora agus iad ag teacht in aibíocht. Moladh agam duit: tapaigh do dheis, tabhair leat boiscín, buicéidín nó tobáinín agus cruinnigh sméara dubha.

Is breá le gasúir jabanna beaga mar seo agus nach geal na cuimhní atá againne atá níos sine ar bhailiú na sméar? Ach a mbeidh dóthain agat, déan cúpla cruiscín *jam*!

Ní theastaíonn ach pota mór, teirmiméadar siúcra, agus cruiscíní. Seo oideas a dhéanfas cheithre chrúiscín 250 ml:

1kg siúcra

1kg sméara dubha

Sú agus forchraiceann liomóide

✓ Cuir an siúcra, na sméara dubha agus sú agus forchraiceann na liomóide sa bpota.

✓ Tabhair chun beirithe iad, á gcorraí go leáfaidh an siúcra. Clúdaigh ar feadh ceathrú uaire nó mar sin go dtí go mbíonn an lacht 105˚C de réir an teirmiméadair.

✓ Tóg ón teas é agus cuir i gcrúiscíní steirilithe é.

✓ Cuir diosca beag de pháipéar céireach ar chuile cheann acu agus fáisc claibíní orthu.

✓ Coinnigh in áit dhorcha, fhionnuar iad agus seans go seasfaidh siad go ceann bliana!

Tá **Taispeántas Chois Fharraige** ag teacht ar an gcéad lá de Mheán an Fhómhair. Céard faoi do phota suibhe a chur isteach ar chomórtas na subhanna? Cá bhfios nach mbuafá duais?